An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

**Torthaí Foghlama i bhFócas**

Snáithe Comhthéacsúil: DB4

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire *cur síos a dhéanamh ar* struchtúr, ar feidhm, agus ar idirghíomhaíochtaí orgáin chórais díleá, imshruthaithe agus riospráide an duine.

**CUR SÍOS A DHÉANAMH: pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó samhail a tháirgeadh**

Nádúr na hEolaíochta: NnahE1

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire *léirthuiscint* a bheith aige don chaoi a mbíonn eolaithe ag obair agus don chaoi a gcoigeartáitear tuairimí le himeacht aimsire.

Intinní Foghlama

Foghlaimeoidh scoláirí chun

1. Cur síos a dhéanamh ar idirghníomhaíochtaí na gcóras riospráide, díleá agus imshruthaithe trí shamhail eolaíochta a fhobhairt.

Réamhfhoghlaim

Is féidir le scoláirí cur síos ar struchtúr agus ar fheidhmiú gach cinn de na trí chóras agus is féidir leo cur síos ar an riospráid mar phróiseas ceimiceach agus bitheolaíoch.

Bileog Ghníomhaíochta an Scoláire:

Is minic a fhorbraíonn eolaithe samhlacha chun a mhíniú conas a oibríonn rudaí. Is féidir le *samhail eolaíochta* a bheith ina léaráid nó ina líníocht nó ina léiriú de chineál éigin eile a chabhraíonn chun próiseas a mhíniú. Taréis an ghníomhaíocht seo a chríochnú, beidh samhail tógtha agat a mhíníonn conas a oibríonn roinnt de chórais do choirp le chéile.

1. Chuir an cárta a léiríonn riosparáid cealla ar an úrlár nó bord mór.

Riospráid Cheallach

Glúcós + Ocsaigin ⟶ Fuinneamh + Dé-ocsaíd charbóin + Uisce

- Taispeáin conair na gcarbaihiodráití ón mbéal go dtí an chill ag úsáid na gcártaí uile leis an uimhir 1 (Conair a h-aon)
- Taispeáin conair na hocsaigine ón mbéal/srón go dtí an chill ag úsáid na gcártaí uile leis an uimhir 2 (Conair a dó)
- Taispeáin conas a dhíbrítear Dé-ocsaíd charbóin agus uisce as an gcorp ag úsáid na gcártaí uile leis an uimhir 3. (Conair a trí).

Ar deireadh beidh struchtúr agat ar nós an chinn léirithe thíos:

Conair a haon

Conair a dó

Riospráid Cheallach

Conair a trí

Léiríonn an struchtúr conas a oibríonn an córas díleá, an córas imshruthaithe agus an córas riospráide le chéile ionas go dtarlóidh riospráid cheallach. Léirítear sa tsamhail seo áfach, níos mó ná croí amháin agus níos mó ná léiriú amháin de na h-orgáin sa chóras riospráide. Ar an leathanach a thugtar déan amach samhail níos oiriúnaí ag úsáid focal agus/nó léaráidí a thaispeánann go soiléir conas a oibríonn na trí chóras le chéile chun riospráid cheallach a éascú.

**Gníomhaíocht sínithe**

An féidir leat a léiriú ar do léaráid/shamhail cé na córais eile a bhfuil eolas agat orthu a d'fhéadfadh cur leis an bpróiseas seo freisin? I measc na gcóras a thiocfadh leat a chur san áireamh tá an cnámharlach, an néarchóras agus an córas matánach.

# Acmhainní Scoláirí

| Riospráid cheallach |
|---|
| **Glúcós + Ocsaigin ⟶ Fuinneamh + Dé-ocsaíd charbóin + Uisce** |

Tacar 1: Gearr amach agus cuir an uimhir 1 ar gach ceann de na rudaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| GOILE | CROÍ |
| BÉAL | FUIL SNA hARTAIRÍ |
| STÉIG BHEAG | ÉASAFAGAS |
| RIBEADÁIN | RIBEADÁIN |
| FUIL SNA FÉITHEACHA | |

Tacar 2: Gearr amach agus cuir an uimhir 2 ar gach ceann de na rudaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| CROÍ | BRONCAIS |
| RIBEADÁIN | BÉAL/SRÓN |
| BROINCÍNÍ | FUIL SNA hARTAIRÍ |
| TRAICÉ | AILBHEOLAIS |
| RIBEADÁIN | FUIL SAN FHÉITH SCÁMHÓGACH |

Tacar 3: Gearr amach agus cuir an uimhir 3 ar gach ceann de na rudaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **BRONCAS** | **FUIL SNA FÉITHEACHA** |
| **CROÍ** | **BROINCÍNÍ** |
| **TRAICÉ** | **BÉAL/SRÓN** |
| **FUIL SAN ARTAIRE SCAMHÓGACH** | **AILBHEOLAIS** |
| **RIBEADÁIN** | **RIBEADÁIN** |